Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026
(OR. en)

9808/26
COR 1

LIMITE

COH 95
SOC 295
AGRI 429
AGRIFIN 105
PECHE 209
FIN 760
JAI 675
SAN 357
CODEC 1039
CADREFIN 249
POLGEN 140
IA 143

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0240 (COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (an Rialachán maidir le pleananna CNR)<br>- Cur chuige ginearálta páirteach |

In 9808/26 INIT, cuirtear aithris nua (27a) isteach agus léitear mar a leanas í:

**(27a) Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine. Chun cosaint na gceart bunúsach agus an smachta reachta a neartú, ba cheart sásraí éifeachtacha chun iad a chosaint a bhunú i gcur chun feidhme an Chiste.**

**I bhfianaise an fhorluí idir raon feidhme na Cairte um Chearta Bunúsacha agus prionsabail an smachta reachta, chomh maith leis an ngá atá ann cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú agus a thábhachtaí atá éifeachtaí airgeadais na mbeart a d'fhéadfadh a bheith le glacadh, is gá coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir lena gcur chun feidhme, agus dá bhrí sin ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme**

**a thabhairt don Chomhairle, agus ba cheart don Chomhairle gníomhú ar bhonn togra ón gCoimisiún.**

In 9808/26 INIT, cuirtear aithris nua (27aa) isteach agus léitear mar a leanas í:

**(27aa) I gcás ina dtarraingítear, le cur i bhfeidhm na gcoinníollachtaí a bhunaítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 9 den Rialachán seo, ar an Tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an cur i bhfeidhm sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla infhíoraithe, i gcomhréir le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, na comhréireachta agus na córa comhionainne. Chuige sin, ba cheart agus an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta á hullmhú, tuarascáil a úsáidtear i measc doiciméid eile chun críoch an mheasúnaithe faoi Airteagail 8 agus 9, ba cheart leas a bhaint go príomha as doiciméid agus tuarascálacha oifigiúla ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó údaráis náisiúnta, agus as cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na gcúirteanna náisiúnta. Ba cheart dlúth-rannpháirtíocht struchtúrtha le húdaráis na mBallstát a bheith i gceist le hullmhú na tuarascála maidir leis an Smacht Reachta.**

In 9808/26 INIT, léitear Airteagal 3, mír 1, pointe (b) mar seo a leanas:

(b) tacú le cumais chosanta, athléimneacht, ullmhacht, cosaint shibhialta agus slándáil an Aontais ar fud na réigiún tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) bonn tionsclaíoch cosanta agus soghluaisteacht mhíleata an Aontais a threisiú, **tacú le bonneagar cosanta**, soghluaisteacht mhíleata, go háirithe trí bhonneagar dé-úsáide GTE-I a fhorbairt, **conairí soghluaisteachta, agus naisc atá in easnamh** a fhorbairt.

(ii) ullmhacht an Aontais do ghéarchéimeanna agus do thubaistí a neartú, **lena n-áirítear bagairtí hibrideacha, go háirithe** trí phrionsabal na hullmhachta trí dhearadh a phríomhshruthú;

(iii) slándáil agus **cosaint shibhialta** an Aontais a neartú trí fheabhas a chur ar bhrath bagairtí, cosc bagairtí, freagairt do bhagairtí, agus na cumais chun bagairtí a bhrath, lena n-áirítear trí bhonneagar criticiúil fuinnimh agus iompair agus an chibearshlándáil a neartú **agus a chosaint**.

In 9808/26 INIT, léitear Airteagal 8, mír 4 mar seo a leanas:

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún nár comhlíonadh coinníoll cothrománach na Cairte, **<u>cuirfidh sé togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh</u>** [...] cinneadh cur chun feidhme lena gcinnfear neamhchomhlíonadh choinníoll cothrománach na Cairte agus lena sainaithneofar bearta sonracha an Phlean CNR **agus an Phlean um Interreg** a ndéanann an neamhchomhlíonadh difear dóibh, laistigh de 2 mhí tar éis dó barúlacha an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 3 a fháil.

**<u>Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún.</u>**

PUBLIC

In 9808/26 INIT, léitear Airteagal 8, mír 6 mar seo a leanas:

6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas a luaithe a mheasfaidh sé gur comhlíonadh coinníoll cothrománach na Cairte. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis sin laistigh de 2 mhí tar éis í a fháil. I gcás ina measann an Coimisiún gur comhlíonadh **go hiomlán nó go páirteach** coinníoll cothrománach na Cairte, **<u>molfaidh sé don Chomhairle</u>** an cinneadh dá dtagraítear i mír 4 a aisghairm **nó a leasú**. **<u>Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme laistigh de 4 seachtaine tar éis ghlacadh an togra ón gCoimisiún.</u>**

▌

In 9808/26 INIT, ba cheart Airteagal 8, mír 8 a scriosadh:

8. ▌

In 9808/26 INIT, léitear Airteagal 35b, mír 2 mar seo a leanas:

**[2. Ní mhaoineofar faoi Airteagal 10(2)(a)(ii) [méid imfhálaithe CBI] ach idirghabhálacha i mír 1, pointí (a) go (d).]**

---